2026/90871

15.10.2026

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 345 an 27 Nollaig 2017)

1. Ar leathanach 54, aithris 7:

in ionad: ‘(7) Máistrí báid a bhíonn ag seoltóireacht faoi chúinsí lena mbaineann guais ar leith don tsábháilteacht, ba cheart dóibh údaraithe sonracha bheith acu, go háirithe chun conbhuanna móra a sheoladh, chun soithí a bhreoslaítear le gás nádúrtha leachtaithe a sheoladh, chun dul ag seoltóireacht nuair a bhíonn laghdú ar léargas, chun dul ag seoltóireacht ar uiscebhealaí intíre de chineál muirí nó ar uiscebhealaí intíre lena ngabhann rioscaí sonracha maidir le loingseoireacht.’,

léitear: ‘(7) Máistrí báid a bhíonn ag seoltóireacht faoi chúinsí lena mbaineann guais ar leith don tsábháilteacht, ba cheart údaraithe sonracha a bheith acu, go háirithe chun conbhuanna móra a sheoladh, chun árthaí a bhreoslaítear le gás nádúrtha leachtaithe a sheoladh, chun dul ag seoltóireacht nuair a bhíonn laghdú ar léargas, chun dul ag seoltóireacht ar uiscebhealaí intíre de chineál muirí nó ar uiscebhealaí intíre lena ngabhann rioscaí sonracha maidir le loingseoireacht.’.

2. Ar leathanach 78, Iarscríbhinn I, pointe 3, faoin gceannteideal:

in ionad: ‘3. Cáilíochtaí don chriú deice ar leibhéal na bainistíochta’,

léitear: ‘3. Cáilíochtaí don chriú deice ar an leibhéal bainistíochta’.

3. Ar leathanach 81, Iarscríbhinn II, pointe 1, faoin gceannteideal:

in ionad: ‘1. Ceanglais bhunriachtanacha inniúlachta ar an leibhéal oibríochta’,

léitear: ‘1. Ceanglais bhunriachtanacha inniúlachta ar an leibhéal oibríochtúil’.

4. Ar leathanach 86, Iarscríbhinn IV, Tábla B, ró 1, an dara colún:

in ionad: ‘Ceanglais bhunriachtanacha inniúlachta ar an leibhéal oibríochta’,

léitear: ‘Ceanglais bhunriachtanacha inniúlachta ar an leibhéal oibríochtúil’.